

GA  
E-000281/2018  
Freagra ón Ard-Ionadaí/Leas-Uachtarán Mogherini  
(4.6.2018)

Is de ghealltanais an Aontais Eorpaigh (AE) aghaidh a thabhairt ar cheist na n-arm agus an armlóin a bhíonn á gcur bealach a n-atreoraithe. Chomh fada agus a bhaineann le Comhsheasamh an Aontais Eorpaigh 2008/944/CBES, is ceart a mheabhrú gur d'inniúlacht na mBallstát teicneolaíocht agus trealamh míleata a onnmhairiú. Is freagracht dá cuid freisin na rioscaí atá ann a mheas sula n-údaraithear idirbheart arm. Tá Treoir do Lucht Úsáidte i gceangal leis an gComhsheasamh a mholann bealaí leis na critéir atá sa Chomhsheasamh a chur ag obair. Ar na critéir sin, áirítear an riosca a mheas go n-úsáidfí na hairm don chos ar bolg inmheánach, don ghníomh ionsaithe idirnáisiúnta, don sárú ar cheartú daonna nó ar an dlí daonnúil. Tá foráil sa Chomhsheasamh chomh maith don trédhearcacht idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar onnmhairiú trealaimh mhíleata agus teicneolaíochta míleata: Tugann Comhairle an Aontais Eorpaigh tuairisc gach bliain ar an gComhsheasamh, maille le mionfhaisnéis ar líon na n-arm atá á n-onnmhairiú le húdarú na mBallstát, agus ar cheann scríbe na heasportála arm sin. Bíonn faisnéis i dtuairiscí an Aontais Eorpaigh chomh maith ar a mhínic a eitítear na hairm ar theacht fad le gach ceann sprice dóibh. Eiteach den chineál seo, léiríonn sé gur féidir gur dhiúltach don mheasúnú riosca maidir leis an gceann scríbe atá i gceist, agus léiríonn sé nach gá gurb airm údaraithe atá sna hairm ar fad a bhíonn á n-onnmhairiú. In 2016, diúltaíodh 18 n-uaire don Araib Shádach. Tugann Meitheal na Comhairle um Onnmhairiú Arm (COARM) aghaidh go rialta ar bheartais na mBallstát maidir le haistriú airm chuig an Araib Shádach.

Maidir leis an moladh go gcuirfeadh Aontas na hEorpa toirmeasc airm i bhfeidhm in aghaidh na hAraibe Sádaí, is leis an gComhairle go hiomlán gach cinneadh a dhéanamh maidir toirmeasc airm a eisiúint. Ní féidir cinneadh a dhéanamh maidir le toirmeasc airm gan chomhaontú polaitiúil d'aonghuth laistigh den Chomhairle.